

## Prós Ainmnithe

# FICHE BLIAIN AG FÁS

## Ceist Scrúdaithe

“Tá neart grinn sa sliocht seo ón leabhar, **FICHE BLIAIN AG FÁS**, agus tugtar léargas dúinn ar an gcineál saoil a bhíodh i gceantar tuaithe ag tús an fhichiú haois”. Déan plé gairid air sin.

## Freagra Samplach

Aontaím leis an ráiteas seo. Tá neart eachtraí grinn sa sliocht seo agus tugtar léargas dúinn ag an am céanna ar an gcineál saoil a bhí i gceantar tuaithe ag tús an chéid seo caite.

Léirítear fiosracht na hóige i leith an óil. Feicimid an bheirt ógánach Muiris agus Tomás i gCeann Trá. D’fhág siad an Blascaod Mór an mhaidin sin gan chead agus isteach leo go dtí leithinis Chorca Dhuibhne. Bhí rásaí capall ar Thrá Fionntrá an lá sin agus ba lá mór é sin i gceantar tuaithe ag an am sin. Ní raibh airgead tirim flúirseach ag tús an chéid seo caite ach bhuail an bheirt le deartháir Mhuiris agus le hathair Thomáis agus fuair siad cúig scilling déag an duine uathu. Ba mhór an méid airgid é sin. Bhí siad beirt ar mhuin na muice!

Tá an radharc sa teach tábhairne an-ghreannmhar. Bean mhór fhada liath a rinne freastal orthu agus suimiúil go leor, Béarla a labhair sí leo. Is ceantar Gaeltachta é Ceann Trá ach bhí sé de nós ag lucht gnó Béarla a labhairt is cosúil. “*Are ye going to the races*”, an cheist a chuir sí orthu. Bhí Béarla ag ógánaigh an oileáin. “*We are*”, a dúirt siad. Bhí iontas uirthi nuair a d’iarr siad dhá phionta pórtair. Seans nach raibh siad ach sé nó seacht mbliana déag ag an am. Bhí sí breá sásta an t-ól a thabhairt dóibh nuair a thuig sí go raibh neart airgid acu. Tugann sé seo léargas dúinn ar shaol na linne sin. Is féidir linn a bheith rómhaoithneach uaireanta i leith na seanlaethanta maithe nó *the good old days* mar a déarfadh lucht an Bhéarla. Bhí an tóir chéanna ar airgead agus ar ól an uair úd. Bhí an diabhláíocht chéanna sna fir óga agus bhí óstóirí breá sásta a gcuid airgid a thógáil. Feicimid mar sin féin nach raibh mórán cleachtaidh ag ceachtar den bheirt ar an ól. Níor ól siad ach dhá phionta pórtair. Feicimid Muiris ag cur amach taobh amuigh den teach ósta agus ansin chuala sé an rírá agus ruaille buaille istigh sa teach tábhairne. Bhí Tomás istigh agus fonn troda air. Isteach le Muiris agus chonaic sé Tomás ina sheasamh i lár an urláir; píopa mór nua ina bhéal agus deatach á bhaint aige as. Is gearr gur léim sé isteach thar chabhantar (chuntar) agus chuir sé troid ar bhean an tí leis an ráiteas: *is mise an fear duit agus d’aon fhear i gCeann Trá*. Baintear gairí asainn nuair a fheicimid é taobh amuigh den teach ósta cúpla nóiméad ina dhiaidh sin agus é ag cur amach!

## Prós Ainmnithe

Chuaigh an bheirt ansin síos go dtí an trá áit a raibh na rásaí capall ar siúl. Ní fhaca Tomás slua chomh mór riamh bailithe in aon áit. Tugann sé seo léargas dúinn ar shaol na linne sin. Bhí Muiris agus Tomás i bhfad ó bhaile an lá sin ach inniu, tá daoine óga ag taisteal ar fud an domhain mhóir. Ní bheadh mórán le céad nó dhá chéad duine i láthair ag na rásaí an lá sin ach cheap na fir óga go raibh an domhan agus a mháthair i láthair. Feicimid freisin go raibh an-simplíocht ag baint leis an saol. Bhí fear na gcártaí ann agus daoine ag cur geallta ar na cártaí. Béarla a labhair an fear seo freisin: *Hello, hello, hello! Come on, ladies and gentlemen! Someone for the lucky club! Hello, hello hello!*

Is féidir a rá go bhfuil an ráiteas i leith an tsleachta seo ón leabhar **FICHE BLIAIN AG FÁS** fíor. Níorbh fholáir an leabhar ar fad a léamh chun léargas níos iomláine a fháil ar shaol na linne sin.